GX2639

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN FHÓMHAIR, 1999

AN TRÍÚ SCRÚDÚ OLLSCOILE

HI 328: CEIST AN TUAISCIRT

An tOllamh Seán Duffy
An tOllamh Nicholas Canny
An Dr Máire Harris

Am: dhá uair
Freagair trí cheist: ceist amháin ar a laghad as Roinn A.
Ní cóir mórán den ábhar céanna a phlé in aon dá cheist.

Roinn A

1. Cad is féidir linn a fhoghlaim faoi Chaitlicigh, faoin Eaglais Chaitliceach agus faoi pholaitíocht na Náisiúnaithe ó ráiteas na nEaspag i dTuaisceart Éireann sa bhliain 1923?

2. Cén nuaíocht a bhain le Comhaontú Sunningdale?

Roinn B

3. Déan fadhbanna Aontachtaithe Uladh sna fichidí a mheas.

4. An féidir a rá go raibh na Caitlicigh féin freagarthach go pointe áirithe as a gcuid fadhbanna toisc nach raibh siad sásta co-oibriú leis an Stát i dTuaisceart Éireann?

5. Ainmnigh agus mínigh na heachtraí ba mhó a bhain le géarú an fhoiréigin i dTuaisceart Éireann idir 1968 agus 1972.

6. Mínigh cén fáth ar theip ar an Eite Chlé i dTuaisceart Éireann.

7. Pléigh an tuairim go bhfuil staid Aontachtaithe Uladh ag éirí níos éiginnte agus níos contúirtí ó 1972 i leith.

8. 'Scéal thairis is ea cúrsaí creidimh sa díospóireacht faoi phréamhacha an fhoiréigin i dTuaisceart Éireann.' An tuairim seo a phlé.

9. Pléigh an tuairim gur mó an bac ná an cúnamh iad polasaithe slándála na Breataine i dTuaisceart Éireann chun a n-aidhmeanna féin a bhaint amach.

10. Déan tráchtaireacht ar an ról a bhí ag polaiteoir ar bith i dTuaisceart Éireann ó 1968 i leith.

11. Cén tábhacht fhadtéarmach a bhain leis an gComhaontú Angla-Éireannach?

12. An féidir a rá gur tionscnamh nua é Comhaontú Bhéal Feirste (1998) i bpolasaí rialtais an Deiscirt i leith Thuaisceart Éireann?